Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Aibreán 2026
(OR. en)

8434/26

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0183 (NLE)**

**POLCOM 145
WTO 55
AGRI 293
UD 105
UK 86**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 2)/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10841/23 + ADD 1 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Síne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT) a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach<br>- *Glacadh* |

1. An 19 Meitheamh 2023, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le síniú[1], thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Síne de bhun Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (CGTT), comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a bhaineann le modhnú lamháltas ar na cuótaí ráta taraife go léir a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, mar aon le togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích[2] an Chomhaontaithe sin.

[1] 10840/23 + ADD 1
[2] 10841/23 + ADD 1

2. An 14 Iúil 2023, ghlac an Chomhairle an Cinneadh maidir le síniú[3] an Chomhaontaithe. Ag an am céanna, agus i gcomhréir le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v) CFAE, chinn an Chomhairle an dréachtchinneadh maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus a leagtar amach in 10844/23, mar aon leis an gComhaontú féin[4], a chur ar aghaidh chuig Parlaimint na hEorpa lena toiliú a fháil, d'fhonn ullmhú do thabhairt i gcrích an Chomhaontaithe amach anseo.

3. Síníodh an Comhaontú le Daon-Phoblacht na Síne an 17 Deireadh Fómhair 2025.

4. An 26 Márta 2026, thug Parlaimint na hEorpa a toiliú maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

5. An 23 Aibreán 2026, d'fhormhuinigh an Coiste um an mBeartas Trádála (Ionadaithe) an dréachtchinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe.

6. I bhfianaise an mhéid thuas, agus faoi réir dearbhú ó Choiste na mBuanionadaithe, iarrtar ar an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

- an Cinneadh ón gComhairle maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air agus a leagtar amach in 10844/23, a ghlacadh mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo; agus

- a thabhairt dá haire go gcuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, agus go ndéanfar an Cinneadh ón gComhairle a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa.

---

[3] 10843/23 (a foilsíodh in IO L 182, 19.7.2023, lch. 48).
[4] 10845/23